# 15 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**15.1** Le hAlt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (Acht 1990) (arna leasú), ceanglaítear ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choinneáil ar gach airgead a fhaigheann sí nó a chaitheann sí san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais (an tAire), agus na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Tar éis an t-iniúchadh a chríochnú, ní mór do GBCN na cuntais agus na tuarascálacha iniúchta gaolmhara a chur faoi bhráid an Aire, agus ina dhiaidh sin, caithfidh an tAire iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**15.2** Ina theannta sin, le halt 12 d'Acht 1990 ceanglaítear ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a luaitear i gcuntais GBCN gach bliain. Is í seo tuarascáil na bliana 2019 faoin alt sin d'Acht 1990.

## Cuntais GBCN 2019

**15.3** Seo a leanas na cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu de bhun alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú)

- Fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ráitis airgeadais ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist[1]
- Ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
- Ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ)
- Ciste eascró *Apple* na hÉireann[2]
- Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla).

**15.4** Ar leith air sin, ullmhaíonn GBCN ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin (faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001) agus an Chiste Carbóin (faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007). Foilsíonn GBCN na ráitis airgeadais sin mar aon leis na cuntais eile (alt 12) a fhoilsíonn sé.

**15.5** Táthar tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais don bhliain 2019. Eisíodh mo thuarascálacha maidir leis na hiniúchtaí ar an 13 Bealtaine 2020.

1 Féach ar Chaibidil 16 *Ciste Bhanc Taisce an Phoist* chun sonraí a fháil maidir le feidhmeanna agus feidhmíocht an chiste.

2 Féach ar Chaibidil 17 *Ciste eascró Apple na hÉireann* chun sonraí a fháil maidir le bunú an chiste, agus maidir leis an modh cuntasaíochta a ghlactar chuige.


## Struchtúr, costais agus soláthar foirne na gníomhaireachta

**15.6** Bunaíodh GBCN sa bhliain 1990. Tá sé forbartha ina eagraíocht chasta ó shin i leith agus tá go leor feidhmeanna aige a bhfuil i bhfad níos mó i gceist leo ná an croí-ról bunaidh a bhí aige fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tá struchtúr GBCN leagtha amach i Fíor 15.1.

**15.7** Sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann, agus cuireann sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar fáil dóibh ar bhonn lena bhforchúitítear costais chomh maith. Tá na costais seo leagtha amach i bhFíor 15.2. Tá a mbord féin ag na heintitis uile agus tá siad freagrach go leithleach do Dháil Éireann.

**15.8** Ag deireadh 2019, b'ionann líon foirne GBCN agus 779 ar bhonn coibhéise lánaimseartha. Tá sannachán na mball foirne do na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí éagsúla ag deireadh na bliana 2016 go dtí 2019 leagtha amach i bhFíor 15.3.

**Fíor 15.1 Feidhmeanna Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh ghníomhaíochtaí gach aon cheann de na feidhmeanna/eintitis seo.

b I gcás maoinithe Stáit, bainistithe fiachais agus seirbhísí bainistithe cisteáin, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith do Chiste na gCuntas Díomhaoin, don Chiste um Banc Taisce an Phoist agus don fhiachas náisiúnta.

c Ghlac Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ceannas shócmhainní agus dhliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) ar láimh in 2014. Leanfar ar aghaidh le hullmhú na ráiteas airgeadais don CNP go dtí go mbeidh gach sócmhainn dá bhfuil fágtha aistrithe go dleathach chuig CISÉ. Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí sócmhainní eachtracha arna luacháil ar €51,000 (2018: €50,000) fós sa CNP.

**Fíor 15.2 Costas na nOibríochtaí, 2016 go 2019**

| Aonaid ghnó GBCN | 2016 €m | 2017 €m | 2018 €m | 2019 €m |
|---|---|---|---|---|
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 11.5 | 12.5 | 12.3 | 12.3 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | 10.4 | 12.5 | 14.5 | 15.2 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 19.4 | 20.8 | 25.0 | 28.5 |
| RéNUA | 5.3 | 5.4 | 6.1 | 6.0 |
| An tAonad Baincéireachta (Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Maoinithe na Roinne Airgeadais) | 2.8 | 4.3 | 3.8 | 3.9 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 9.5 | 10.1 | 11.3 | 12.6 |
| **Comhlachtaí tacaithe** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 46.7 | 38.1 | 40.8 | 40.7 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | 4.2 | 5.2 | 5.9 | 5.9 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann[a] | — | — | — | 5.3 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **109.8** | **108.9** | **119.7** | **130.4** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níor tháinig costais ar bith chun cinn maidir le MTTÉ roimh 2019.

**Fíor 15.3 Dáileadh foirne an GBCN ag deireadh na bliana, 2016 go dtí 2019[a]**

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| **Aonaid ghnó GBCN** | | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 20 | 24 | 24 | 23 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | 41 | 44 | 42 | 47 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 128 | 138 | 148 | 156 |
| RéNUA | 19 | 21 | 26 | 25 |
| An tAonad Baincéireachta (Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Maoinithe na Roinne Airgeadais) | 13 | 11 | 11 | 11 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 61 | 67 | 63 | 64 |
| **Feidhmeanna corparáideacha GBCN** | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 125 | 138 | 138 | 133 |
| Gnóthaí dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchadh inmheánach | 35 | 41 | 46 | 43 |
| Riosca | 20 | 20 | 21 | 20 |
| Eile | 2 | 4 | 9 | 3 |
| **Comhlachtaí tacaithe** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 302 | 264 | 236 | 210 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | 16 | 18 | 17 | 23 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann | — | — | 5 | 21 |
| **Iomlán** | **782** | **790** | **786** | **779** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Tá na huimhreacha do 2018 agus 2019 bunaithe ar choibhéis lánaimseartha. Tá na huimhreacha le haghaidh na mblianta roimhe seo bunaithe ar líon na ndaoine.

### *Aistriú oifig GBCN chuig Cé an Phoirt Thuaidh*

**15.9** I mí na Bealtaine 2018, chuaigh an Ghníomhaireacht faoi léasanna le haghaidh cóiríochta oifige i gCeantar na nDuga, Baile Átha Cliath go dtí Bealtaine 2043, agus rogha ann an léas a fhoirceannadh in 2033. Cuireadh an t-aistriú foirne chuig na háitribh nua i gcrích i mí Lúnasa 2019.

**15.10** Bhí comhaontuithe léasanna lenar bhain tréimhsí éagsúla ama ag GBCN maidir lena hoifigí a bhí aici roimhe ag Foirgneamh an Státchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, suas go dtí 2025 agus 2026. D'fhostaigh an Ghníomhaireacht comhairleoir maoine seachtrach maidir le fo-ligean, diúscairt nó sannachán léasanna atá ann cheana maidir leis an gcóiríocht oifige ag Foirgneamh an Státchiste. Géilleadh na léasanna ar Fhoirgneamh an Státchiste do thríú páirtí i mí Feabhra 2020. Aithníodh ar chuntas riaracháin GBCN 2019 costais €0.8 milliún a léiríonn an ceanglas léasa agus íocaíocht aonuaire don tríú páirtí i leith an ghéillte.

### *Pá i gcoibhneas le feidhmíocht*

**15.11** Tá foráil déanta i gconradh oibre fhormhór na bhfostaithe de chuid GBCN d'íocaíochtaí lánroghnacha i gcoibhneas le feidhmíocht a fháil. Tá Coiste Luach Saothair GBCN freagrach as an méid pá i gcoibhneas le feidhmíocht a íoctar i gcaitheamh na bliana a fhaomhadh, agus as íocaíochtaí beartaithe aonair do bhaill na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin a fhaomhadh freisin. I gcás íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht a dhéantar le fostaithe atá faoi bhun leibhéal na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin, is é/í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) a fhaomhann na híocaíochtaí sin i ndiaidh a n-athbhreithnithe ag fo-choiste de chuid na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin.

**15.12** Rinneadh íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht €2.05 milliún le 200 fostaí i gcomhair 2019 agus íocadh €200,000 den mhéid sin do sheachtar ball den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. In 2018, rinneadh íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht €1.78 milliún le 184 fostaí, as ar íocadh €145,000 do sheachtar ball den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Ní bhfuair POF GBCN íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht i leith 2018 ná 2019.

### *Scéim iomarcaíochta deonaí*

**15.13** I rith 2019, rinneadh íocaíochtaí le 33 fostaí de chuid GBCN a ghlac páirt i scéim iomarcaíochta deonaí. Tabhaíodh costais iomarcaíochta €2.5 milliún agus costais um 'shaoire gharraíodóireachta' €0.1 milliún ar fad. Tá sé ráite ag GBCN go ndearnadh na híocaíochtaí faoi réir ghnáth-théarmaí reachtúla agus ghnáth-théarmaí na seirbhíse poiblí maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta.

**15.14** As na folúntais a cruthaíodh le himeacht na 33 fostaí a ghlac páirt sa scéim iomarcaíochta, níor líonadh 10 gcinn de na poist sin arís, líonadh dhá cheann déag díobh ag costas bliantúil laghdaithe agus líonadh aon cheann déag díobh ag an gcostas céanna nó ag costas méadaithe. De réir GBCN, cé nár tugadh isteach an scéim iomarcaíochta mar bheart sábhála costas, meastar go mbeadh coigilteas bliantúil €1 milliún i gceist ó thaobh tuarastail foirne de. Ciallaíonn sé sin go ndéanfar costas na scéime a fhorchúiteamh dhá bhliain go leith i ndiaidh a cur chun feidhme. Níl aon fhianaise feicthe ag an bhfoireann scrúdaithe, áfach, gur cuireadh tuarascáil faoi bhráid Bhord GBCN ina leagtar amach na coigiltis iarbhír a tharla de bharr na scéime iomarcaíochta.

## Oibríochtaí 2019

### *Maoiniú, fiachas agus bainistiú cisteáin*

**15.15** Faigheann GBCN iasachtaí thar ceann an Státchiste agus déanann sí fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú.[1]

**15.16** Comhlíonann GBCN roinnt feidhmeanna eile bainistithe fiachais agus cisteáin, lena n-áirítear

- oibríochtaí cisteáin do GNBS, CISÉ, CBSÉ, MTTÉ agus do Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc Teoranta (faoi leachtú speisialta) (CÉRB)
- seirbhís chisteáin lárnach a chur ar fáil do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla araon
- sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin agus Ciste Bhanc Taisce an Phoist a bhainistiú
- maoirseacht a dhéanamh ar infheistíocht agus ar bhainistíocht Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)
- maoirseacht a dhéanamh ar infheistíocht agus ar bhainistíocht Chiste eascró *Apple* na hÉireann thar ceann an Aire Airgeadais.

### *Scéimeanna Ráthaíochta um Fhorais Airgeadais*

**15.17** Faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe), 2009 (an scéim), chuir an tAire Airgeadais (an tAire) ráthaíocht ar fáil maidir le dliteanais incháilithe áirithe in institiúidí airgeadais, lena n-áirítear taiscí agus urrúis fiachais suas le cúig bliana in aibíocht. Cheap an tAire GBCN mar oibritheoir na scéime.[2]

**15.18** Ceanglaítear ar gach uile fhoras a raibh dliteanais leo faoi ráthaíocht na scéime táille a íoc. Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais a bhí freagrach as na táillí a fuarthas.

**15.19** Amhail an 29 Márta 2018, ní raibh aon dliteanais fágtha faoin scéim, cé is moite de mhiondliteanais iarmharacha a tháinig as leachtú CÉRB (féach ar Fhíor 3).[3]

**15.20** Tar éis leachtú CÉRB i mí Feabhra 2013, rinneadh roinnt éileamh faoin scéim ráthaíochta agus, i Márta 2013, rinne an tAire na feidhmeanna breise seo a leanas a tharmligean chuig GBCN[4]

- éilimh íocaíochta a dheimhniú i leith gníomhas ráthaíochta a cuireadh i bhfeidhm ar an 29 Samhain 2010 maidir le conarthaí díorthacha áirithe a rinne CÉRB
- suimeanna atá dlite faoin ngníomhas ráthaíochta a íoc.

**15.21** Tá éilimh ar luach iomlán €1,235 milliún curtha isteach ag an Stát le comhleachtaitheoirí speisialta CÉRB.[5] Áirítear leo siúd

- €1,197 milliún éilithe ag GBCN i leith íocaíochtaí le sealbhóirí bannaí agus le taisceoirí. Cuimsítear sa mhéid seo costais €7.2 milliún agus ús €109 milliún.
- €37.8 milliún arna éileamh ag an Roinn Airgeadais i leith díorthach.

1 Tá sonraí achoimre faoi struchtúr an fhiachais náisiúnta agus treochtaí i bhfiachas an Rialtais san áireamh i gCaibidil 1, *Toradh Airgeadais an Státchiste don bhliain 2019.*

2 IR Uimh 490/2009.

3 Ba é an 28 Márta 2018 an dáta deiridh le haghaidh na ndliteanas ar fad a bhí fós amuigh faoin scéim.

4 IR Uimh 85/2013.

5 Bíonn ús iníoctha ar shuimeanna éilithe ó dháta gach éilimh go dtí dáta íocaíochta na gcomhleachtaitheoirí speisialta.

**15.22** In 2016 agus 2017, d'íoc comhleachtaitheoirí speisialta CÉRB dhá dhíbhinn dar luach €560 milliún (50% de na creidiúnaithe neamhurraithe go léir ar ligeadh isteach iad sa leachtú). D'fhógair na leachtaitheoirí speisialta go raibh an íocaíocht díbhinne 50% a bhí fágtha le dul chuig creidiúnaithe neamhurraithe an leachtaithe ar ligeadh isteach iad i mí na Nollag 2018. Fuarthas é seo in íocaíochtaí ar leithligh i mí na Nollag 2018 agus go luath in 2019. Fuair an Státchiste thart ar €341 milliún in 2018 agus €225 milliún breise i mí Feabhra 2019 i ndáil leis na híocaíochtaí seo. Fuair an Státchiste €109 milliún breise i mí na Nollag 2019 i ndáil leis an ús a bhí dlite dó ó na héilimh arna ndéanamh ag an Stát.

**15.23** Ar thosach feidhme an Achta um an mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach 2009, aistríodh na scaireanna ar fad a bhí sa bhanc chuig an Aire Airgeadais agus d'fhan siad i lámha an Aire ar dháta leachtaithe CÉRB i mí Feabhra 2013. Áiríodh leis sin £300 milliún (GBP) i scaireanna tosaíochta as a bhfuair an Stát €348 milliún i mí na Nollag 2019.

### *An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát*

**15.24** Bainistíonn GBCN éilimh ar chúitimh díobhála pearsanta, damáiste maoine agus faillí cliniciúla thar ceann an Stáit agus údaráis tharmligthe áirithe de chuid an Stáit. Ina theannta sin, tá ról bainistithe riosca aige sa chaoi a dtugann sé comhairle agus cúnamh do na húdaráis Stáit sin chun a nochta a bhíonn siad d'éilimh a íoslaghdú. Chomh maith leis sin, déanann sé measúnú agus bainistiú ar éilimh ar chostais tríú páirtí i gcoinne an Stáit agus i gcoinne údaráis tharmligthe de chuid an Stáit, a eascraíonn as éilimh i ngach catagóir. Agus na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh aige, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) ar GBCN.

**15.25** Tá dhá shórt leathnú tagtha ar raon shainchúram GÉS ó thús 2019.


- In 2019, rinne an Rialtas bainistiú na n-éileamh i gcoinne tuismitheoirí altrama agus iarchúramóirí altrama a dhéanann feidhmeanna faoin Acht um Chúram Leanaí 1991 a tharmligean don GÉS.
- Luaigh GBCN gur sholáthar an Rialtas slánaíocht Stáit do shaoráidí agus cliniceoirí um chúram sláinte príobháideach a bhí ar conradh saoráidí agus acmhainní seirbhíse breise gairmiúla míochaine a sholáthar don chóras sláinte poiblí, agus cásanna COVID-19 á bhainistiú agus géarchúram ospidéil á sholáthar go ginearálta. Thug an Rialtas slánaíocht freisin do chuideachta teicneolaíochta san earnáil phríobháideach atá ag cabhrú leis an gclár tástála COVID-19. Rinneadh bainistiú na n-éileamh a eascraíonn as na slánaíochtaí seo a tharmligean chuig an GÉS freisin.

**15.26** B'ionann dámhachtainí agus costais a bhain le héilimh ag an GÉS in 2019 agus €431.4 milliún — méadú 21.7% bliain in aghaidh bliana (2018: €354.6 milliún). Is féidir na costais sin a fháil ar ais ó na húdaráis ábhartha Stáit a bhaineann leas as seirbhísí an GÉS. Anuas air sin, thabhaigh GBCN €28.5 milliún (2018: €25 milliún) i gcostais riaracháin i ndáil lena feidhmeanna GÉS a dhéanamh. Tá na costais riaracháin sin curtha san áireamh i speansais riaracháin GBCN agus muirearaítear ar an bPríomh-Chiste iad.

**15.27** Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-éileamh atá á mbainistiú ó 2012 i leith. Ag deireadh 2019, bhí beagnach 11,580 éileamh á mbainistiú, lenar áiríodh 2,472 éileamh a bhain le hollchaingne (idir chaingne ginearálta agus caingne cliniciúla). In 2019, réitíodh 2,704 éileamh, méadú 6% ar an mbliain roimhe sin (féach ar Fhíor 15.4).

**15.28** Tá an costas measta a bhaineann le héilimh neamhíoctha a shocrú ag méadú go seasta.[1,2] De réir an GÉS, tá an dliteanas measta neamhíoctha ag deireadh 2019 thart ar €3.63 billiún — thart ar thrí oiread an dliteanais mheasta neamhíoctha ag deireadh 2012 (féach ar Fhíor 15.5). Fachtóir buntábhachtach sa mhéadú ar an dliteanas measta neamhíoctha is ea tionchar an laghdaithe ar an bhfíor-ráta toraidh lena nglactar, síos ó 3% go 1% nó 1.5% de bhun chinneadh na Cúirte Achomhairc in 2015.

**Fior 15.4 Éilimh faighte agus réitithe go bliantúil, agus éilimh á mbainistiú, ag deireadh na bliana, 2012 go 2019**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

1 As an dliteanas measta neamhíoctha €3.63 billiún ag deireadh na bliana, baineann €452.3 milliún le horduithe íocaíochta eatramhacha agus 'orduithe íocaíochta tréimhsiúla'.

2 Ní áirítear sa dliteanas measta neamhíoctha ag deireadh na bliana méideanna ar bith i ndáil le héilimh a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh.


**Fíor 15.5 Dliteanas measta neamhíoctha, ag deireadh na bliana 2012 go dtí 2019**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**15.29** Bhain comhlachtaí san earnáil sláinte (FSS, Tusla agus an Roinn Sláinte ina measc) le 92% den dliteanas measta neamhíoctha ag deireadh 2019. Bhain dhá earnáil eile (Ceartas agus Cosaint, agus Oideachas) le 7% eile (féach ar Fhíor 15.6).

**Fíor 15.6 Céatadán na ndliteanas measta neamhíoctha do gach earnáil údaráis Stáit, ag deireadh 2018**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Cuimsítear leis an earnáil sláinte an FSS, an Roinn Sláinte agus comhlachtaí atá faoina coimirce, agus Tusla chomh maith.

b Tá san áireamh faoin earnáil Cheartais agus Chosanta Seirbhís Phríosúin na hÉireann, na Fórsaí Cosanta agus comhlachtaí eile ina theannta sin.

### *Orduithe íocaíochta tréimhsiúla*

**15.30** Cuireadh tús le Cuid 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 2017 i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus tugadh isteach orduithe íocaíochta tréimhsiúla (*PPO*anna) mar mhalairt ar chnapshuimeanna a íocadh chun daoine a d'fhulaing gortuithe tubaisteacha a chúiteamh. Ráthaíonn *PPO*anna go bhfaighidh íospartaigh dá leithéid íocaíochtaí seasta bliantúla maidir le cóireálacha agus cúram, rud a laghdóidh an imní a bhaineann le híocaíochtaí cnapshuime a d'fhéadfadh rith amach do theaghlaigh a dtéann gortuithe tubaisteacha i bhfeidhm orthu. Is ionann méid iomlán na *PPO*anna a íocadh in 2019 agus €10.8 milliún.[1]

1 Áirítear socrúcháin i ngach catagóir damáistí in íocaíochtaí tosaigh i gcásanna ina raibh feidhm ag *PPO*anna. Socraítear iad sin mar shocrú iomlán críochnaitheach go príomha, seachas éilimh ar chúram ina dhiaidh,a ndéantar íocaíochtaí ar bhonn bliantúil faoin *PPO* ina leith.

**15.31** I mí na Samhna 2019, thug an Ard-Chúirt a breithiúnas in éisteacht treorach maidir le cás faoi ghortú tubaisteach agus rinneadh cinneadh go raibh *PPO*anna sa riocht ina bhfuil siad faoi láthair, éagórach do ghearánaithe.[1] Rinne an Chúirt breithniú ar fhorálacha reachtúla an Achta um Dhliteanas Sibhialta 2017, agus tugadh dá haire, toisc go bhfuil íocaíochtaí cúitimh nasctha leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT), go mbeadh éilitheoirí á dtearc-chúiteamh as a gcúram go fadtéarmach. Luaigh an Chúirt go bhfuil acmhainn sa reachtaíocht comhaontú a dhéanamh *PPO*anna a nascadh le hinnéacs eile seachas an ICPT.[2] Mar thoradh ar an rialú seo, tá an GÉS ag súil anois go socrófar an chuid is mó d'éilimh ar bonn cnapshuime nó ar bhonn ordaithe íocaíochta eatramhaí, mura n-athrófaí an t-innéacs.

### *An Ciste Cúitimh Árachais*

**15.32** Leagtar amach san Acht Árachais (Leasú), 2018 na róil ar leith atá ag an GÉS agus Banc Ceannais na hÉireann i gcás leachtú nó glacadóireacht cuideachta árachais. Sa chás go dtarlaíonn a leithéid, déanfaidh an GÉS iarratas chuig an Ard-Chúirt, thar ceann an leachtaitheora, chun íocaíochtaí ón gCiste Cúitimh Árachais (ICF) a fhaomhadh, nuair a bheidh scrúdú díchill chuí déanta ar na héilimh ábhartha. Nuair a bheidh sé faofa ag an Ard-Chúirt, íocfaidh Banc Ceannais na hÉireann an méid sonraithe leis an GÉS lena dháileadh ar na héilitheoirí maidir le cuideachta árachais atá údaraithe i mballstát AE seachas Éire. I gcásanna ina bhfuil an cuideachta árachais údaraithe in Éirinn, íocfaidh Banc Ceannais na hÉireann an méid sonraithe leis an leachtaitheoir lena dháileadh ar na héilitheoirí.

**15.33** Rinne an GÉS a chéad iarratas leis an Ard-Chúirt i mí na Samhna 2018 maidir le *Setanta Insurance Company Ltd* a leachtú, agus chomhaontaigh an Chúirt €20.6 milliún a scaoileadh le 1,300 éilitheoir.

**15.34** I rith 2019, d'éirigh le hiarratais ar an Ard-Chúirt ar eisíocaíochtaí as an gCiste Cúitimh Árachais agus fuair thart ar 780 iarratasóir íocaíochtaí, i ndáil le *Setanta Insurance Company Ltd* (faoi leachtú) arna údarú in Málta (€15.2 milliún) agus *Enterprise Insurance Company plc* (faoi leachtú) arna údarú in Giobráltar (€4.8 milliún).

### *An Ciste Carbóin*

**15.35** Bunaíodh an Ciste Carbóin leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007 chun creidmheasanna carbóin a cheannach ionas go gcomhlíonfar tiomantais na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto — comhaontú idirnáisiúnta um an athrú aeráide. De réir Acht 2007, tá GBCN freagrach as na creidmheasanna carbóin, is gá chun oibleagáidí na hÉireann ó thaobh an athraithe aeráide de a chomhlíonadh, a cheannach tríd an gCiste Carbóin.

**15.36** Ní choinnítear na sócmhainní a choinnítear sa Chiste Carbóin chun críocha trádála ach ní mór iad a thuairisciú mar chuid de chomhlíonadh na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto agus a hoibleagáidí faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

1 Hegarty & anor -v- FSS [2019].


2 Fo-alt 51I (3) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961 (arna chur isteach leis an Acht um Dhliteanas Sibhialta 2017).

**15.37** In 2009, i bhfianaise an mhoillithe i ngeilleagar na hÉireann agus an meastachán athbhreithnithe a rinneadh ina dhiaidh sin ar an ngá atá ann le hÉirinn creidmheasanna carbóin a cheannach, rinneadh an cinneadh deireadh a chur le ceannachán creidmheasanna. Rinneadh na hidirbhearta cuntasaíochta deiridh i ndáil leis an bPrótacal Kyoto den tréimhse thiomhantais 2008 – 2012 in 2015, agus géilleadh sócmhainní arbh fhiú €9.4 milliún iad chun freastal ar oibleagáid na hÉireann. Ag an am sin, tugadh na sócmhainní a bhí fágtha sa Chiste Carbóin ar aghaidh chun gealltanais 2020 na hÉireann faoi Phacáiste um Fhuinneamh agus um an Athrú Aeráide 2020 de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

**15.38** I mí na Samhna 2019, chinn an Rialtas go gcuirfí tús arís le ceannachán liúntas astaíochtaí gáis cheaptha teasa go gcomhlíonfadh Éire a hoibleagáidí faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill an AE i leith spriocanna don tréimhse 2013 – 2020. I rith 2019, cheannaigh GBCN 400,576 creidmheas carbóin ar chostas €100,144 (gan CBL a áireamh). Ag deireadh 2019, bhí sócmhainní ag an gCiste Carbóin a raibh costas fála €91.9 milliún acu (féach ar Fhíor 15.7).

**15.39** Tiocfaidh deireadh le hoibleagáidí na hÉireann faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill in 2020. Ina áit sin, tiocfaidh an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill ina leagtar amach spriocanna ceangailteacha bliantúla d'Éirinn i leith astaíochtaí sa tréimhse 2021 – 2030.[1]

**Fíor 15.7 Luach glan sócmhainní an Chiste Carbóin, 2007 go 2019**




Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Carbóin, 2007 go dtí 2019. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## *RéNUA*

**15.40** Cuireadh bonn reachtúil faoi na feidhmeanna de GBCN a bhaineann leis an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (RéNUA) i mí na Nollag 2014, tráth ar cuireadh tús leis na hailt ábhartha d'Acht 2014.[2]

**15.41** I measc na bhfeidhmeanna de chuid RéNUA tá seirbhísí comhairleacha airgeadais agus tráchtála á gcur ar fáil ar réimse saincheisteanna d'Aire ábhartha an Rialtais i leith comhlacht ainmnithe atá faoina s(h)ainchúram.[3] Chomh maith leis sin, nuair atá scaireanna nó sócmhainní ag aon Aire i gcomhlacht nach bhfuil ainmnithe chun críocha RéNUA, nó nuair atá freagracht ghinearálta air/uirthi as comhlacht, nó nuair atá aon fheidhm aige/aici i ndáil le comhlacht nó le sócmhainn dá leithéid sin, féadfaidh RéNUA seirbhísí comhchosúla a chur ar fáil don Aire sin.

1 Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018.

2 Cuireadh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (RéNUA) ar bun ar dtús ar bhonn neamhreachtúil tar éis don Rialtas fógra a dhéanamh i mí Mheán Fómhair 2011.

3 Amhail an 31 Nollaig 2019, ba iad na comhlachtaí ainmnithe ná Bord Soláthair an Leictreachais, Ervia, Bord na Móna cpt, Coillte Teoranta, Eirgrid cpt, Uisce Éireann, An Post, agus aon fhochuideachtaí a bhaineann leo uile nó aon chuideachta ina bhfuil leas ag aon cheann na comhlachtaí ainmnithe sin.

**15.42** Bhí méid an chaiteachais a thabhaigh GBCN thart ar €6 milliún ar ghníomhaíochtaí RéNUA in 2019, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN. I rith 2019, sholáthar RéNUA anailís mhionsonraithe airgeadais agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí d'Airí/ranna rialtais, maidir le 138 aighneacht arna ndéanamh ag comhlachtaí tráchtála Stáit lena mbreithniú ag Airí. Áiríodh leis sin comhairle maidir le réimse pleananna infheistíochta i mbonneagar criticiúil arna gcur i láthair ag comhlachtaí tráchtála Stáit, lena n-áirítear €4.1 billiún in iarrataí a bhain le fiachais a mhaoiniú, €2.7 billiún maidir le buiséid agus gealltanais chaipitil agus €0.8 billiún i ndáil le tionscadail shonracha caipitil.

**15.43** Áirítear i measc na comhairle a tugadh maidir leis na hiarrataí maoinithe fiachais

- glasbhannaí €500 milliún arna n-eisiúint ag Bord Soláthair an Leictreachais (BSL), an chéad ghlasbhanna corparáideach in Éirinn chun cabhrú le tionscadail ghlasa incháilithe a mhaoiniú, lena n-áiritear fuinneamh in-athnuaite, naisc ghréasáin le haghaidh feirmeacha gaoithe ar an talamh agus bonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha.
- banna €300 milliún arna eisiúint ag Líonraí Gáis Éireann chun tacú le hinfheistíocht leanúnach i mbonneagar an ghréasáin gháis a meastar go mbeidh príomhról aige ó thaobh an aistrithe chuig córas fuinnimh ísealcharbóin.
- saoráid láithrithe phríobháidigh €300 milliún arna hardú ag Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath chun cabhrú lena clár infheistíochta caipitil a chistiú.
- saoráid €350 milliún arna hardú ag Údarás Aerphort Bhaile Átha Cliath ón mBanc Eorpach Infheistíochta chun tacú lena clár infheistíochta caipitil.
- síneadh gearrthéarmach ar shaoráidí iasachta tráchtála Uisce Éireann ar fiú €1.25 billiún é (ar feitheamh athmhaoinithe ó chiste an Stáit) atá le cur chun feidhme ina thrí chéim. Cuireadh an chéad chéim d'athmhaoiniú iasachtaí tráchtála Uisce Éireann le cistiú an Stáit i gcrích i mí na Nollag 2019, trí ranníoc caipitiúil €758 milliún ón Aire Airgeadais.

**15.44** Bhain comhairle RéNUA maidir leis an gcaiteachas caipitil agus gealltanais €2.7 billiún go príomha le sócmhainní na ngréasán rialaithe um leictreachas, gás agus uisce de chuid na gcomhlachtaí tráchtála iomchuí stáit.

**15.45** I measc na comhairle a tugadh maidir leis an €0.8 billiún de thionscadail shonracha chaiteachais chaipitil, áirítear tionscadail bhonneagair uisce agus fuíolluisce i gcomhréir le pleananna infheistíochta leanúnaí Uisce Éireann chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i mbonneagar uisce poiblí na hÉireann. Áirítear freisin fáil BSL ar bhun 50% i bhfeirm gaoithe réamhthógála amach ó chósta na hAlban, agus BSL ag leanúint ar aghaidh lena thaithí a fhorbairt maidir le gaoth amach ón gcósta d'fhonn tionscadail a fhorbairt amach ó chósta na hÉireann amach anseo.

**15.46** Thug RéNUA faoi athbhreithniú airgeadais agus tráchtála ar straitéis athbhreithnithe RTÉ in 2019 chun cabhrú leis an rialtas breithniú a dhéanamh ar an straitéis athbhreithnithe. Rinne RéNUA athbhreithniú freisin ar chomhaontú idir Coillte agus BSL, chun cuideachta chomhfhiontair forbartha a bhunú de réir mar a fógraíodh le linn 2019. Is é aidhm an chomhfhiontair sin ná 1000 MW d'fuinneamh in-athnuaite a sholáthar faoi 2030.

**15.47** Tá ról freisin ag RéNUA, trí na seirbhísí comhairleoireachta airgeadais a sholáthraíonn sé d'Airí agus ranna an rialtais, cabhrú leis na hAirí nuair a iarrann siad sin ó thaobh tuiscint a fháil ar impleachtaí airgeadais a chuspóirí aeráide. Is réimse fócais don Stát, agus ag teacht as sin, d'obair chomhairleoireachta RéNUA sa réimse seo, é ról chuideachtaí tráchtála an Stáit maidir le cabhrú chun cuspóirí aeráide an Stáit a bhaint amach. Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leithdháileadh roinnt beart ar RéNUA lena seachadadh, lena n-áirítear creat a fhorbairt (i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) d'earnáil na gcomhlachtaí tráchtála leathstáit chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí gníomhaithe ar son na haeráide. Le linn R4 2019, chuir RéNUA tús leis an obair chun an creat seo a fhorbairt.

### *Soláthar foirne d'fheidhmeanna baincéireachta*

**15.48** Tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht ag an Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith, áit a bhfuil sé anois ina chuid d'Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Airgeadais na Roinne.[1] Ar ordú an Aire, tá GBCN fós ag íoc chostais an Aonaid Bhaincéireachta, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairleoirí gairmiúla. Thabhaigh GBCN costais €3.9 milliún san iomlán in 2019 i ndáil leis an Aonad Baincéireachta, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN don bhliain 2019. Thabhaigh GBCN €1.3 milliún i gcostais do chomhairleoirí gairmiúla maidir le táillí measúnóirí CÉRB. Déanfaidh GBCN na híocaíochtaí seo a fhorchúiteamh ó leachtóir CÉRB. Ag deireadh 2019, táthar tar éis €826,000 a fháil ón leachtóir.

### *Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann*

**15.49** Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar bun i mí na Nollag 2014 de bhun Acht 2014. Tráth a bhunaithe, tháinig sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) chun bheith ina sócmhainní agus dliteanais de chuid CISÉ, seachas méid beag iarmharach de shócmhainní agus dliteanais eachtracha atá fós á n-oibriú amach.[2]

**15.50** Coinnítear sócmhainní an chiste in dhá phunann.

- Tá punann na n-infheistíochtaí ordaithe faoi réir na dtreoraithe a thugann an tAire Airgeadais.[3] Tá treoir tugtha ag an Aire go ndéanfar aon ús nó aon ioncam eile a gheofar i leith na dtaiscí agus/nó na n-urrús atá á gcoinneáil sa phunann infheistíochta ordaithe a aistriú chuig an bpunann infheistíochta lánroghnach, áit a ndéanann GBCN iad a choinneáil nó a infheistiú.
- Is éard atá sa phunann infheistíochta lánroghnach ná infheistíochtaí a dhéantar de réir na n-alt ábhartha d'Acht 2014, faoina ndéanann GBCN sócmhainní CISÉ (seachas infheistíochtaí ordaithe) a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála.


**15.51** Amhail an 31 Nollaig 2019, is ionann €15.1 billiún agus luach ghlansócmhainní CISÉ (2018: €16.8 billiún). Áirítear sna glansócmhainní €6.9 billiún (2018: €8 billiún) i bpunann na n-infheistíochtaí ordaithe agus €8.1 billiún (2018: €8.8 billiún) sa phunann lánroghnach (féach ar Fhíor 15.8).

1 IR Uimh. 395/2011.

2 Ag deireadh 2019, ba ann do líon beag sócmhainní eachtracha, ar luach €51,000 iad, nach raibh aistrithe chuig CISÉ go fóill.

3 Foráiltear le hAlt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire treoir a thabhairt do GBCN maidir le hinfheistíochtaí ordaithe a choinneáil agus a bhainistiú, aon chearta vótála nó aon chearta eile, a ghabhann le hinfheistíocht ordaithe, a fheidhmiú, mar aon le hinfheistíochtaí treoraithe a dhiúscairt.

**Fíor 15.8 Luach ghlacshócmhainní CISÉ, 2014 go dtí 2019**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, 2014 go dtí 2019. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Punann na n-infheistíochtaí treoraithe*

**15.52** In 2019, thit luach na punainne infheistíochta ordaithe faoi mhéid sa bhreis ar €1 billiún. Ba é an laghdú ar phraghas margaidh scaireanna Bhainc-Aontas Éireann i rith na bliana is cúis leis an laghdú seo ar an luach.

**15.53** Amhail an 31 Nollaig 2019, is mar seo a leanas a bhí glansócmhainní phunann na n-infheistíochtaí treoraithe

- Bainc-Aontas Éireann — scairsheilbh 71% arna luacháil ag €6 billiún (€3.10 in aghaidh na scaire)
- Banc na hÉireann — scairsheilbh 13.95% arna luacháil ag €734 billiún (€4.88 in aghaidh na scaire).
- €215 milliún á choinneáil in airgead tirim atá geallta lena chur ar iasacht do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann.
- €7 milliún in iasachtaí arna íostarraingt ag Maoiniú Teaghais-Tógála (Iasachtaí) Éireann *DAC*, fochuideachta de chuid MTTÉ.

### *Punann lánroghnach*

**15.54** Is é sainordú reachtúil CISÉ, i leith na punainne lánroghnaí, infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Ceanglaítear ar Bhord GBCN straitéis infheistíochta do shócmhainní an CISÉ a chinneadh, a mhaoirsiú agus a choinneáil faoi athbhreithniú, i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.[1]

**15.55** D'fhás an luach lánroghnach punainne ó bunaíodh é ó €7.1 billiún suas go dtí €8.1 billiún, déanta suas de ghnóthachain infheistíochta €1.0 milliún agus insealltaí airgid thirim €1.5 billiún, a tharla mar gheall ar dhíbhinní Bhanc AIB €1.1 milliún, díbhinní Bhanc na hÉireann €41 milliún agus díolachán scairsheilbh an Stáit in Aer Lingus €335 milliún. Rinneadh iad seo a fhrith-áireamh trí €1.5 billiún a aistriú ón bpunann lánroghnach chun an Cúlchiste Barrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) a chistiú.[2] Is éard a gcuimsítear sa phunann lánroghnach ná punann Éireannach (€2.7 billiún) agus punann dhomhanda (€5.4 billiún).

1 Alt 39 Acht Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014.

2 An tAcht um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla) 2019.

**15.56** Ó thráth a bhunaithe, tá toradh bliantúlaithe 2.5% in aghaidh na bliana ginte ag CISÉ, lena gcuimsítear toradh 6.7% in aghaidh na bliana ón bpunann Éireannach agus toradh 1.7% in aghaidh na bliana ón bpunann dhomhanda.

**15.57** I mí Iúil 2018, d'fhógair an tAire Airgeadais go ndíreodh CISÉ ar thosaíochtaí a thacóidh le Tionscadal Éireann 2040. I mí Feabhra 2019, d'fhoilsigh CISÉ straitéis infheistíochta nua a bhfuil sé mar aidhm aici €3 billiún a infheistiú sna cúig bliana atá amach romhainn. Is í an aidhm atá leis sin ná infheistíocht a dhéanamh i gceantair a bhfuil tionchar eacnamaíoch substaintiúil agus marthanach acu in Éirinn, faoi threoir chuspóirí Tionscadal Éireann 2040. Áireofar leis seo infheistíochtaí sna catagóirí seo a leanas go príomha dá dtabharfar tús áite

- réigiúnach — réigiúin, gnólachtaí réigiúnacha, bia agus béim ar an talmhaíocht a chumasú chun fás eacnamaíoch cothrom a spreagadh
- tithíocht — tithíocht a sheachadadh ar an mórscála trí thalamh a dhíghlasáil, trí aonaid a thógáil le díol agus le ligean ar cíos go fadtéarmach[1]
- gnó dúchasach — caipiteal fadtéarmach ar scála na leibhéal idirnáisiúnta
- an t-athrú aeráide — infheistíocht sa leictreachas agus sa teas in-athnuaite, sa bhia, san agraibhia agus san iompar, faoi réir córas tacaíochta margaidh an Stáit
- Brexit — ag tacú le héagsúlú fadtéarmach agus le hearnálacha a mbeidh tionchar aimhleasach ag Brexit orthu.

**15.58** I mí Bealtaine 2020, de dheasca thionchar Covid-19 ar gheilleagar na hÉireann, d'fhógair an tAire Airgeadais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcuirfidh CISÉ ciste €2 bhilliún ar fáil chun tacú le fiontair mheánmhéide agus mhóra in Éirinn a ndearna an Phaindéim difear dóibh. Cuirfear an ciste nua seo, ar a dtugtar Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh na Paindéime, ar fáil trí fho-phunann laistigh den CISÉ.

**15.59** Tá €2 bhilliún curtha ar leataobh ag an CISÉ lena infheistiú i réimsí eile rialtais dá dtabharfar tús áite, lena n-áirítear

- €1.25 billiún — molta ag an Aire chun tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun punann tailte a fháil, chun críocha tithíochta agus eile.
- €750 milliún — go MTTÉ. Le linn 2018 faoi threoir an Aire Airgeadais, aistríodh €20 milliún ó CISÉ chun caipiteal tosaigh a sholáthar do MTTÉ. Ag deireadh 2019, bhí MTTÉ (Iasachtaí) *DAC* tar éis €7 milliún in iasachtaí a tharraingt anuas, ag fágáil iarmhéid €723 milliún sa tsaoráid iasachta.

### *Cistí spriocdhírithe*

**15.60** In 2015, aistríodh €335 milliún ón Státchiste chuig CISÉ chun críche Ciste Nascachta nua le bheith laistigh den phunann lánroghnach. Ní mór d'aon infheistíocht atá sa Chiste Nascachta baint a bheith aici le tionscadail a fheabhsóidh nascacht fhisiciúil, fhíorúil nó fuinnimh na hÉireann. Bhí breis is €90 milliún san iomlán in úsáid ag CISÉ faoin gCiste Nascachta amhail ag deireadh 2019. Cuimsítear, leis na hinfheistíochtaí agus na tiomantais seo,

- Infheistíocht chothromais €26 milliún ($28 milliún) sa chaipiteal gnáthscaireana geallta le *Aqua Comms* — le tacú leis an líonra fomhuirí snáthoptaice idir Nua-Eabhrac, Baile Átha Cliath agus Londain trí Chill Ala, Contae Mhaigh Eo
- €35 milliún atá geallta d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath

1 Tá clár tithíochta cónaithe le tacaíocht ó CISÉ tar éis os cionn 3,000 aonad a dhíol amhail an 31 Nollaig 2019 agus tá maoiniú geallta nó láithreáin ceannaithe chun 12,000 teach eile a sheachadadh.

- €18 milliún geallta do Phort Chorcaí chun cuidiú leis bogadh ón áit a bhfuil sé lonnaithe gar do lár na cathrach faoi láthair chuig láithreán athfhorbartha i Rinn an Scidígh
- €14 mhilliún geallta d’Aerfort na Sionainne le tacú leo an rúidbhealach atá ann cheana a uasghrádú.

### *Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)*

**15.61** Cuireadh Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2019 le tosach feidhme an Achta um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla) 2019. Is é is aidhm don chiste maolú a dhéanamh ar thionchar diantuairte geilleagraí, thar an méid a mheastar mar ghnáthluaineachtaí an timthrialla eacnamaíoch.

**15.62** Déanann an tAire Airgeadais (an tAire) rialú agus bainistiú ar an gciste. Le tosach feidhme an Achta um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla) 2019, rinne an Aire na feidhmeanna faoi alt 8 den Acht sin a tharmligean chuig GBCN le hOrdú ón Aire.[1] Anuas air sin, thug an tAire treoir do GBCN

- plean infheistíochta bliantúil a ullmhú agus cóip de a chur faoi bhráid an Aire roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair gach bliain (nó a luaithe is indéanta le réasún ina dhiaidh sin)
- na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách a ullmhú agus a choinneáil maidir leis an gciste atá le iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid an Aire mar chuid de thuarascáil bhliantúil GBCN
- aon chostais riachtanacha a thabhú i leith fheidhmiú na bhfeidhmeanna a tarmligeadh uirthi agus na costais sin a mhuirearú agus a íoc as an gciste.[2]

**15.63** Ullmhaíodh ráitis airgeadais an chiste don tréimhse 31 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le *FRS* 102, an Caighdeán Tuairisciú Airgeadais is infheidhmithe sa RA agus in Éirinn.

**15.64** Is é cuspóir infheistíochta an chiste luach ainmniúil iomlán (amhail dáta an láithriúcháin nó infheistithe) an chiste a chaomhnú, oiread agus is féidir. I gcomhréir leis an bplean infheistíochta, infheistítear an ciste i bpunann nótaí Státchiste a bhfuil aibíochtaí idir mí amháin agus 12 mhí acu. Ag deireadh 2019, b’ionann sócmhainní an chiste agus €1.5 billiún.[3]

**15.65** Is ionann €8 billiún agus an t-uasmhéid a d’fhéadfadh dul chun sochair an chiste.[4] Aithnítear sceideal infheistíochta san Acht um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla) 2019 trínar féidir leis an Aire €500 milliún a chur chuig an gciste ón bPríomh-Chiste gach bliain ó 2019 go 2023, ach amháin i gcás go ritheann Dáil Éireann rún chun an tAire a údarú gan an t-airgead a íoc.[5] Anuas ar na haistrithe bliantúla seo, is féidir le Dáil Éireann rún a rith freisin a cheadaíonn méid áirithe airgid a aistriú isteach sa chiste.

**15.66** Ní fhéadfar íostarraingt a dhéanamh ón gciste ach amháin i ndiaidh do Dháil Éireann rún a rith, i ndiaidh togra ón Aire.[6] Féadfar airgead a scaoileadh don Státchiste sna cásanna seo amháin chun

- imthosca eisceachtúla do tharlú sa Stát a leigheas nó a mhaolú

1 I.R. Uimh. 535/2019 — Ordú Acht Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000 (Feidhmeanna Infheistíochta a Tharmligean) 2019.

2 Níor tabhaíodh costais ar bith mar sin in 2019.

3 I mí na Samhna 2019 faoi threoir an Aire Airgeadais, aistríodh €1.5 bhilliún ón CISÉ chuig an gciste.

4 Alt 3, den Acht um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla) 2019.

5 Comhaontaíodh le rún a ritheadh ag an Dáil i mí Dheireadh Fómhair 2019 gan €500 milliún a íoc isteach sa chiste do 2019.

6 I gcás nach bhfuil an Dáil ag suí agus nach bhfuiltear tar éis na critéir, chun airgead a scaoileadh ón gciste, a chomhlíonadh, is féidir leis an Aire, le réamhcheadú an Rialtais, airgead as an gciste a íoc don Státchiste.

- dochar tromchúiseach ionchasach don chóras airgeadais sa Stát a chosc agus cobhsaíocht leanúnach an chórais sin a chinntiú; nó
- tacú le mór-athchóirithe struchtúrtha ag a mbeidh éifeachtaí buiséadacha dearfacha fadtréimhseacha díreacha ar an Stát.

**15.67** Déantar foráil san Uasdátú i dtaobh an Chláir Chobhsaíochta (Aibreán 2020), do mhaoiniú a íostarraingt in 2020 d'fhonn tionchar Covid-19 ar an ngeilleagar a mhaolú.

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais*

**15.68** Agus gníomhaíochtaí áirithe infheistíochta bonneagair á gcomhlíonadh ag GBCN, tugann sé an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an GNFA) air féin. I measc fheidhmeanna an GNFA tá comhairle airgeadais a chur ar fáil d'údaráis Stáit ar gach tionscadal infheistíochta poiblí a chuirtear faoina bráid ar mó a luach caipitiúil ná €75 milliún. Cuireann an GNFA comhairle airgeadais ar fáil d'údaráis an Stáit maidir le tionscadail áirithe atá faoi bhun na táirsí seo.

**15.69** Ina theannta sin tá an GNFA freagrach as

- soláthar agus seachadadh na dtionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) d'údaráis Stáit le heisceachtaí áirithe amhail iompar
- tionscadail áirithe oideachais a sholáthar go díreach
- soláthar seirbhísí bainistíochta conartha agus tacaíocht d'fheidhmiú agus do chothabháil tionscadal oideachais CPP áirithe
- tacaíocht bainistíochta conartha ar CPP do Lárionad Coinbhinsiúin Baile Átha Cliath faoi chomhaontú leibhéal seirbhíse.

**15.70** Is mar seo a leanas an dul chun cinn ar thionscadail CPP a bhí ar bun ag deireadh 2019

- Beartán CPP a cúig i ndáil le Scoileanna — tá cúig scoil agus institiúid breisoideachais amháin i gceist leis seo, lena gcuirfear 4,870 áit ar fáil do dhaltaí, scoláirí agus mic léinn. Cuireadh moill air tar éis leachtú *Carillion Construction Ltd* i mí Eanáir 2018. Cuireadh an dá scoil eile agus institiúid breisoideachais amháin i gcrích in 2019.
- CPP le haghaidh champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Gráinseach Ghormáin — bronnadh an conradh agus tugadh na ceisteanna airgeadais chun críche i mí an Mhárta 2018. Tar éis tréimhse thógála dhá bhliain, bhíothas ag súil leis go mbeadh na foirgnimh réidh don téarma acadúil 2020/2021. Táthar ag súil, áfach, go n-imreoidh na bearta a tugadh isteach chun dul i ngleic le scaipeadh Covid-19 tionchar ar an sceideal seo.
- Clár CPP i gcomhair tithíocht shóisialta — baineann sé seo le thart ar 1,500 aonad tithíochta sóisialta a fhorbairt agus iad roinnte ina dtrí bheartán. Cuireadh tús leis an tógáil faoi bheartán a haon i mí an Mhárta 2019 (534 teach) agus cé gur chuir na bearta a tugadh isteach chun dul i ngleic le scaipeadh Covid-19 moill ar an obair, tá 205 teach curtha i gcrích anois, leis an gcuid eile le críochnú i gcaitheamh 2020/2021. Cuireadh tús leis an tógáil faoi bheartán a dó go déanach in 2019 (456 teach) agus tá na tithe ar fad le críochnú faoi 2021.[1] Cuireadh tús le déanaí le hobair réamhsholáthair bheartán a trí (441 teach).

1 Seans gur imir na bearta a glacadh chun dul i ngleic le scaipeadh Covid-19 tionchar ar an uainiú seo.

- CPP an ardoideachais — is éard atá i gceist leis sin ná aon saoráid ardoideachais déag (11) a fhorbairt in dá bheartán. Cuireadh beartán a haon ar an margadh i mí na Samhna 2019; eisíodh doiciméid tairisceana i mí Lúnasa 2020 agus táthar ag súil go gcríochnfar na hidirbhearta airgeadais in 2021. Táthar ag súil go dtiocfaidh beartán a dó ar an margadh níos faide ar aghaidh in 2020.

**15.71** Seo cuid de na príomhthionscadail inar sholáthair an GNFA comhairle airgeadais le linn 2019

- Tithíocht — Tá an GNFA ag soláthar comhairle i ndáil le roinnt tionscadal tithíochta lena n-áirítear léasú tithíochta sóisialta, forbairtí cónaithe tionachta measctha agus scéimeanna morgáiste go cíos. Nuair atá siad uile carntha le chéile is ionann iad agus thart ar 7,000 teach. Táthar ag súil go ndúnfar conradh ceann amháin de na tionscnaimh in 2020.[1]
- Ciste Gníomhaithe ar son an Aeráide — tá an GNFA ag cur comhairle ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le tionscadail oiriúnacha a roghnú dá Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide ar fiú €500 milliún é.
- Athmhaoiniú CPPanna — chuir GNFA comhairle ar thrí údarás Stáit maidir le trí thionscadal CPP a athmhaoiniú in 2019 agus measadh go ndearnadh coigiltis €24 milliún a réadú don Stát dá bharr. Is iad na tionscadail a athmaoiníodh ná CPP Scoileanna Beartán 3, CPP scéim bóthair N7/N11 agus CPP an Ionaid Comhdhála, Baile Átha Cliath.

**15.72** Tugann an NDFA faoi sheirbhísí bainistíochta conartha agus soláthraíonn sé tacaíocht faoi chomhaontuithe leibhéal seirbhíse lena mbaineann monatóireacht ar na cuideachtaí CPP ábhartha i bhfeidhmiú a n-oibleagáidí faoin gconradh CPP agus ag iarraidh a chinntiú go mbainfear amach luach fadtéarmach na gconarthaí seo. Soláthraíonn an NDFA na seirbhísí seo a leanas

- bainistiú conartha do gach scoil CPP oibríochtúil (ag deireadh 2019, bhí an NDFA ag bainistiú na gconarthaí do shé thionscadal a raibh luach caipitil de €500 milliún acu)
- tacaíocht bainistíochta conartha ar an Ionad Coinbhinsiúin i mBaile Átha Cliath
- tacaíocht bainistíochta conartha do na CPPanna ardoideachais (Scoil Cheoil Chorcaí agus Coláiste Muirí Chorcaí).

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní*

**15.73** Mar a bhí blianta eile, shann GBCN baill foirne de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus chuir seirbhísí ar fáil di le linn 2019. Thabhaigh GBCN costais €40.7 milliún (2018: €40.8 milliún) ina leith sin, rud a athghearradh ar GBCN[2]

- Thabhaigh GBCN €32.5 mhilliún (2018: €34 milliún) maidir le costais foirne. Bhain sé sin le baill foirne atá fostaithe ag GBCN go díreach agus baill foirne atá sannta do GBCN (210 ball foirne amhail ar an 31 Nollaig 2019), agus le costas cionroinnte luach saothair na bhfostaithe de chuid GBCN a fheidhmíonn seirbhísí comhroinnte, amhail seirbhísí TF, acmhainní daonna agus airgeadais.
- Thabhaigh GBCN €8.2 mhilliún (2018: €6.8 mhilliún) i leith costas eile thar ceann an GNBS, lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais chomhairleoireachta.

1 Seans gur imir na bearta a glacadh chun dul i ngleic le scaipeadh Covid-19 tionchar ar an uainiú seo.

2 B'ionann costais riaracháin an GNBS agus €67 milliún in 2019 (€75 milliún in 2018).

**15.74** Rinneadh íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht ar fiú €479,000 iad le 56 ball foirne i leith 2019 (2018: €955,000 — 107 ball foirne). Tagann ceadú na n-íocaíochtaí sin faoi réir Choiste Luach Saothair na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS). Bhí POF GNBS i dteideal breithniú le haghaidh íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht don bhliain 2019 ach luaigh sé go dtarscaoilfeadh sé an teidlíocht sin i bhfianaise na ndúshlán eacnamaíoch atá os ár gcomhair anois.

**15.75** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair CBSÉ agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[1]

### *Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann*

**15.76** Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) i Meán Fómhair 2014 mar chuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cheanglais an Achta um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014, chun soláthar creidmheasa breise a chur chun cinn d'fhiontair agus do dhaoine eile sa Stát, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) trí chistí a fhoinsiú ó iasachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta (agus infheisteoirí).[2]

**15.77** In 2015, faoi stiúradh an Aire Airgeadais, chuir CISÉ saoráid iasachta suas go €240 milliún ar fáil do CBSÉ. In 2016, íostarraingíodh €25 milliún den tsaoráid sin. Le linn 2017, rinneadh an t-iasacht €25 milliún a chomhshó ina scaireanna i CBSÉ agus a aistriú chuig an Aire i gcomhréir le hAchta 2014.[3] Ag deireadh 2019, is ionann an ceangaltas atá fós le híoc ar an tsaoráid iasachta le CISÉ agus €215 milliún, méid atá gan athrú ó 2017. Coinníonn CISÉ na méideanna seo mar airgead tirim nach bhfuil le húsáid ach ag CBSÉ.

**15.78** Soláthraíonn an GBCN seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta, seirbhísí foirne agus státchiste agus comhairle maidir le hurrúis fiachais agus iasachtaí don CBSÉ.[4] Thabhaigh GBCN costais de €5.9 milliún chun na seirbhísí sin uile a sholáthar in 2019 (2018: €5.9 milliún) agus athghearradh iad ar an CBSÉ.

**15.79** Rinneadh íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht ar fiú €103,000 iad le seacht mball foirne CBSÉ i leith 2019 (2018: €85,000 le 6 bhall foirne). Tagann ceadú na n-íocaíochtaí sin faoi réir Choiste Luach Saothair CBSÉ. Fuair POF CBSÉ pá i gcoibhneas le feidhmíocht ar fiú €25,000 é i ndáil le 2019 (2018: €25,000.

**15.80** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an CBSÉ agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[5]

### *Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann*

**15.81** Corpraíodh Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (MTTÉ) i mí na Nollag 2018 mar chuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cheanglais an Achta um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018 (Acht MTTÉ), chun airgead a thabhairt ar iasacht ar théarmaí tráchtála chun críocha forbairtí cónaithe is inmharthana ó thaobh na tráchtála de sa Stát a mhaoiniú. Is eintiteas tráchtála é an MTTÉ atá faoi úinéireacht iomlán an Aire Airgeadais (an tAire). Bunaíodh é mar chuid de fhreagra ní ba leithne ar an nganntanas sa soláthar tithíochta in Éirinn le blianta beaga anuas ina bhfuil an soláthar tithíochta sa tír níos ísle ná an t-éileamh measta. Is fhochuideachta faoi lánúinéireacht MTTÉ é Maoiniú Teaghais-Tógála (Iasachtaí) Éireann *DAC* agus is é a eintiteas oibriúcháin (iasachtaí) é.

1 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an GNBS ar an 27 Aibreán 2020.

2 Tugtar sainmhíniú ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide de réir Alt 2 de Mholadh CE 2003/361/CE (an 6 Bealtaine 2003).

3 Alt 11(7)(a) den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014.

4 Alt 10 den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014.

5 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an CBSÉ don bhliain 2019 ar an 18 Aibreán 2020.

6 I mí na Samhna 2018 faoi threoir an Aire Airgeadais, aistríodh €20 bhilliún ón CISÉ chuig Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (MTTÉ) ar mhaithe le suibscríbhinn scaireanna an Aire in MTTÉ a shocrú.

**15.82** I mí Bealtaine 2019, de bhun ordaithe ón Aire, rinne CISÉ comhaontú saoráide le Maoiniú Teaghais-Tógála (Iasachtaí), agus cuireadh saoráid iasachta €730 milliún ar fáil do Maoiniú Teaghais-Tógála (Iasachtaí) faoi théarmaí an chomhaontaithe.[6] Ag deireadh 2019, bhí Maoiniú Teaghais-Tógála (Iasachtaí) tar éis €7 milliún in iasachtaí a íostarraingt ón tsaoráid seo.

**15.83** Don chéad bhliain oibríochta, tá MTTÉ tar éis síneadh €108 milliún i saoráidí creidmheasa d'iasachtóirí a cheadú. Tá na forbairtí atá á maoiniú ag MTTÉ lonnaithe in 12 chontae agus tá 537 aonad á dtógáil dá bharr i bhforbairtí tithíochta éagsúla ina bhfuil líon na dtithe idir 10 agus 76 aonad.

**15.84** Bhí láithreáin tógála ghníomhacha i gceist i gcúig cinn de shaoráidí ceadaithe faoi dheireadh 2019. Chuir MTTÉ maoiniú ar fáil d'fhorbróirí in 2019 tríd an táirge Maoiniú um Fhorbairt Chaighdeánach. Is ionann €35 milliún agus an t-uasmhéid is féidir le MTTÉ a chur ar fáil tríd an táirge seo.

**15.85** Sannann GBCN baill foirne agus cuireann sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar fáil do MTTÉ. Thabhaigh GBCN costais €5.3 milliún i leith na seirbhísí seo a sholáthar in 2019 agus athmhuirearaíodh na costais sin ar MTTÉ.

**15.86** Níor íocadh íocaíocht ar bith i gcoibhneas le feidhmíocht d'fhoireann CBSÉ i leith 2019.

**15.87** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an CBSÉ agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[1]

1 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar MTTÉ don bhliain 2019 ar an 5 Meitheamh 2020.